☸An Lúibín☸

15 Aibreán 2008

Comhdháil agus féile

Beidh Comhdháil 2008 ag **Cumann Múinteoirí na dTeangacha Ceilteacha i Meiriceá Thuaidh** ag Lárionad Mhadog an Léinn Bhreatnaigh, Ollscoil Rio Grande, Rio Grande, Ohio, 12-14 Meitheamh.

Is féidir breis eolais a fháil agus clárú a dhéanamh ag www.naaclt.org. Ní féidir clárú tar éis 16 Bealtaine 2008.

Tá fáilte roimh achomaireachtaí de chainteanna fiche nóiméad, a mbeidh díospóireacht deich nóiméad ina ndiaidh. Ar na hábhair oiriúnacha tá múineadh, foghlaim, cothú agus léirthuiscint na dteangacha agus na gcultúr Ceilteach, agus is ceadmhach ábhair eile a phlé. Tá na hachomaireachtaí le tabhairt do Kevin Rottet (krottet@indiana.edu) faoi 18 Aibreán 2008.

♦♦♦♦♦♦♦♦

Tá comhdháil le reachtáil i gcathair Nua Eabhrac 16-18 Bealtaine 2008 chun a bhfuil i ndán don Ghaeilge i Meiriceá Thuaidh a phlé.

Féach http://www.daltai.com/events/PreasNuaEabhrac.pdf

♦♦♦♦♦♦♦♦

Beidh **Féile Náisiúnta Cheilteach na hAstráile** ar siúl i bPortarlington 6-9 Meitheamh 2008.

Féach www.nationalcelticfestival.com.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Tuarascáil an Choimisinéara
The Irish Language Commissioner, enforcer of the government's language policy in the public sector, has issued his annual report.

Tá tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga in Éirinn tar éis teacht amach. Fuair a oifig 600 gearán agus seo roinnt acu:

- Theip ar Bhus Éireann ticéid dhátheangacha a sholáthar.
- D'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh Páipéar Glas i mBéarla amháin.
- Bhain Coimisiún na Scrúduithe Stáit feidhm as scéim mharcála Bhéarla le haghaidh páipéar a rinneadh i nGaeilge.
- D'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leabhrán i mBéarla amháin.

Is léir ón méid sin thuas nach mór an difríocht atá idir cloí le beartas teanga agus géilleadh don chur i gcéill. Is cuma le formhór mór na nÉireannach sa tubaiste faoi Ghaeilge a bheith

ann nó as ar thicéad bus. Ar an taobh eile de, is deacair an teanga a chur chun cinn mura bhfuil a lorg le haithint ar sheirbhísí stáit.

Is deacair a rá faoi láthair cén fheidhm atá leis an nGaeilge in Éirinn, cé nach ionann sin is a rá nach bhfuil feidhm ar bith léi. Ábhar díospóireachta é seo ag lucht léinn, agus áitítear go bhfuil Acht na dTeangacha Oifigiúla bunaithe ar chearta an duine aonair seachas ar athbheochan ghinearálta. Is deacair an teanga a shamhlú mar chomhartha cine agus an pobal measctha atá anois ann, agus tá deireadh leis an náisiúnachas rómánsach. Is beag am a chaitear ag múineadh na Gaeilge ar scoil, in aghaidh na barúla coitianta, agus ar éigean is féidir Gaeilgeoirí a fháil i bhforais phoiblí le haistriúcháin a dhéanamh. Tá an Ghaeltacht féin chomh lag sin anois nach féidir leat dul do do thumadh sa teanga ann.

Cóta na haislinge atá á ghearradh ag an gCoimisinéir; ní fios cathain a bheidh tomhas na nÉireannach ann.

❖❖❖❖❖❖❖

An rud is féidir agus an rud a dhéantar
The Minister in charge of Irish says the original hopes were too high; the Gaelic League says the fault lay in the execution; and perhaps both are right.

Tá cogadh ann a thosaigh timpeall ceithre fichid bliain ó shin agus a leanann go fóill: an cogadh idir Conradh na Gaeilge agus cibé rialtas atá i gcumhacht in Éirinn. Ar 3/4/08, agus é ag caint i Nua-Eabhrac, dúirt an tAire Gaeltachta gur ar éigean a bheadh an Ghaeilge beo anois murach CnaG agus an neamhspleáchas. Dúirt sé freisin, áfach, go raibh bunaidhmeanna an Chonartha agus an Stáit saonta agus 'ró-uaillmhianach'.

Ba bheag an mhoill ar Uachtarán an Chonartha freagra a thabhairt: chuir sé 'easpa dáiríreachta' i leith na bpolaiteoirí agus dúirt go raibh cuspóirí an Chonartha stuama riamh. Féach, a dúirt sé, an tSualainn agus an Ísiltír, dhá thír a raibh Béarla ag mórán ach nár chaill a dteanga dhúchais dá bharr.

Níl ceachtar den dá thaobh gan a gcuid féin den cheart. Níor chuidigh dúnadh na gColáistí Ullmhúcháin sna seascaidí le dul chun cinn na teanga sna scoileanna, ós iad na Coláistí sin a sholáthraigh múinteoirí líofa.[1] Ní dhearnadh aon iarracht ar mhúineadh na teanga a athchóiriú agus treise a chur ar an teanga bheo. Ní dhearnadh aon iarracht ach oiread ar an nGaeilge a dhéanamh úsáideach sa saol poiblí, rud ba léir ón bpraiseach a rinneadh de na trialacha Gaeilge sa státseirbhís. Os a choinne sin, áfach, is cosúil nach raibh d'acmhainn ag an tír sna fichidí agus na tríochaidí an teanga a chur ar a seanléim. Bhí Éire bocht, agus bhí taithí ag na daoine ar a bhféiniúlacht a chur in iúl trí Bhéarla, teanga a bhí ina huirlis nuachóirithe ag an tír ón 19ú haois amach. I ndeireadh na dála, bhí rath na Gaeltachta ag brath ar rath na teanga sa chuid eile den tír, agus níor tuigeadh ag an am cé chomh deacair is a bheadh sé an Ghaeilge a chur á labhairt arís go forleathan.

Tá an Stát ag iarraidh gníomh fiúntach a dhéanamh anois ar son na teanga, agus tá baint aige sin leis an spéis atá ag cuid shuntasach den phobal sa scéal. Is í an ghaelscolaíocht an toradh is suntasaí air sin, agus d'fhéadfá a rá go bhfuil spriocanna áirithe á mbaint amach anois nárbh fhéidir a bhaint amach roimhe seo. Ach ní furasta an dea-scéal, an leithscéal agus an

[1] Tá an cuntas searbh a rinne Breandán Ó hEithir sa bhliain 1963 ar an scéal chomh cruinn le haon chuntas eile: 'An dána an mhaise dom tagairt arís do dhúnadh na gColáistí Ullmhúcháin? Ní bheidh de thoradh air, as a dheireadh, ach bunmhúinteoirí gan Ghaeilge a bheith ag teagasc ó cheann ceann na tíre. Bíodh bás na gcoláistí seo, a tógadh agus a cothaíodh le hairgead poiblí, ar cheann na Roinne Éadóchais, ar cheann an INTO agus ar cheann Ghluaiseacht na Gaeilge'. *An Chaint sa tSráidbhaile* (Comhar Teoranta 1991, eag. Caoilfhionn Nic Pháidín): lch 54.

míscéal a scaradh óna chéile: coiscéim ar aghaidh, coiscéim i leataobh agus cos ina stad. Tá a fhios ag cách nach bhfuil ag éirí leis an nGaeilge éigeantach, ach níor tháinig aon rialtas fós a raibh de mhisneach aige deireadh a chur léi, nó, níos fearr fós, í a chur á múineadh níos éifeachtaí. Idir an dá linn, réitigh neart daltaí an scéal ar a ndóigh féin. Mar a scríobh Breandán Delap san iris *Beo* le déanaí, bíonn duine as gach beirt a bhfuil míchumas foghlama orthu, agus cead acu dá bharr gan staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge, ag déanamh staidéir ar theanga eile. (Fuair Delap na figiúirí ón Roinn Oideachais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.) Sa bhliain 2006 bhí 11,871 dalta faoi mhíchumas ann; bhí a leath ag foghlaim teanga nár Ghaeilge í don Ardteist. Tá an fhimíneacht a bhaineann le Gaeilge éigeantach tomhaiste go maith ag na daltaí seo agus ag a muintir; filleann an feall arís ar na húdaráis.

Deirtear uaireanta gurbh fhéidir tír dátheangach a dhéanamh d'Éirinn ar nós na Sualainne agus tíortha eile. Ach níor lagaíodh teangacha na dtíortha eile úd riamh mar a lagaíodh an Ghaeilge; tá siad préamhaithe go domhain fós, agus gan sa Bhéarla, dá riachtanaí é, ach áis. Bíonn cóimheá ann dá bharr; agus is ait an rud é gur mar sin a bheadh an scéal in Éirinn féin dá ba í an Ghaeilge príomhtheanga na tíre go fóill.

Is cinnte, ar aon chuma, go bhfuil daoine ann i gcónaí, sa Chonradh agus taobh amuigh de, ar fiú leo Gaeilge a úsáid gach lá más féidir. Ach ba dhóigh leat nach bhfuil a fhios ag Éirinn ina hiomláine cad is ceart a dhéanamh leis an teanga – í a chur ag obair, í a chur i gcófra nó í a chaitheamh i dtraipisí. Iad go léir a dhéanamh in éineacht, b'fhéidir.

Níl na ceisteanna seo chomh práinneach sin i measc Gaeilgeoirí thar lear, dream atá sásta an teanga a shaothrú ar a suaimhneas ina ngarraí féin. In Éirinn amháin atá pobal ceart Gaeilge, más cóir 'pobal' a thabhairt ar dhream atá chomh scaipthe sin; agus ag an aimsir atá sé le hinsint an féidir lena leithéid a chur ar bun i gcríocha eile.

♦❖♦❖♦❖♦❖♦

Comhar nua

The Irish-language journal Comhar*, once a flagship, has sunk low in the water. Now salvage is at hand.*

Luaigh *An Lúibín* cheana an drochbhail atá ar *Comhar*, príomhiris Ghaeilge na hÉireann. Le níos mó ná trí fichid bliain tá dlúthbhaint aici le saothrú na teanga agus é de chuspóir aici léargas a thabhairt ar chúrsaí sóisialta agus litríochta na tíre agus faill a thabhairt do scríbhneoirí nua Gaeilge (agus do sheanscríbhneoirí freisin) iad féin a chur in iúl. *Meanjin* an iris Astrálach is cosúla léi. Is dócha gurbh fhearr an Ghaeilge a bhí le léamh i gComhar sna blianta tosaigh ná sna blianta deireanacha seo, rud a bhfuil baint aige, b'fhéidir, le meath na teanga sa Ghaeltacht: cailleadh nádúrthacht, géire agus gontacht éigin dá réir. Bhí roinnt scríbhneoirí den chéad scoth le fáil san iris agus í ar a buaic: Máire Mhac an tSaoi, Máirtín Ó Cadhain, Breandán Ó Beacháin, Breandán Ó hEithir agus eile.

Is iomaí eagarthóir a bhí ar an iris, agus na fadhbanna céanna acu uile, is dócha – conas ábhar beoga a sholáthar, léitheoirí a fháil nó a choinneáil, úire éigin a chothú, síntiúsóirí a mhealladh. Ar chúiseanna difriúla bhí sé ag éirí níos deacra an seanchaighdeán a chothú le blianta beaga anuas, agus anois uair na práinne.

Bord nua atá ag *Comhar* anois agus iad ar a ndícheall ag iarraidh an iris a athnuachan. Is cosúil dá bharr nach mbeidh sí ag teacht amach ar chor ar bith sa chéad chuid den bhliain seo 2008. Tá sí á maoiniú ag forais stáit ó 1942 i leith, agus le tamall anuas bhí conradh ag an iris le Foras na Gaeilge, ceann a chríochnaigh ar 31 Nollaig 2007. D'fhógair an Foras roimhe sin go mbeadh comórtas ann maidir le maoiniú iris chlóite i gcomhair na tréimhse 2008-2010. Diúltaíodh do thairiscint Comhar ach dúradh gur cheadmhach don iris tairiscint nua a

dhéanamh. Tá sin déanta, agus tá an Bord chun an iris a athscrúdú ó bhonn agus í a athchóiriú dá réir.

Ní fios fós, ar ndóigh, cén chuma a bheidh ar an iris nua. Ní dhéanfadh leagan amach nua díobháil ar bith di, agus caithfimid a bheith ag súil le scríbhneoireacht a bhainfidh preab as an domhan – má tá na scríbhneoirí ann. Deirtear go bhféadfadh an chéad eagrán eile teacht amach chomh déanach le Mí Mheán Fómhair, 2008.

Seo iad na daoine atá ar an mBord: Uaitéar Ó Ciaruáin, iarleasrúnaí i Roinn an Taoisigh agus iar-ardrúnaí ar an bhFóram um Shíocháin agus Athmhuintearas; Ríona Nic Congáil, Cathaoirleach Scríbhneoirí Óga na Gaeilge; Breandán Mac Cormaic, Cathaoirleach an Fhorais Pátrúnachta; Anna Davitt, Stiúrthóir Chomhar na Múinteoirí Gaeilge; Trevor Ó Lachtnáin, abhcóide; Muireann Ní Mhóráin, Príomhfheidhmeannach na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta; Mícheál Ó Ruairc, file, scríbhneoir agus múinteoir; agus Paula Ní Shlatarra, a bhí ina taidhleoir san Airgintín agus san tSile. Uasalaicme na Gaeilge, a déarfá, dá mbeadh a leithéid d'aicme ann.

⧫❖⧫❖⧫❖⧫❖⧫

Garraíodóirí dúchais
The Australian native garden is an emblem of wider changes.

Amuigh faoin tuath a d'fhásamar féin suas, in oirdheisceart na hAstraile. Áit í a bhíodh faoi chrainn go tiubh sular tháinig dream na tua agus an chéachta, agus bhí iarsmaí bundúchasacha scaipthe fós ar fud an cheantair, ag cur i gcuimhne dúinn nach iad na hÉireannaigh – Muimhnigh go léir – ba thúisce a bhain na hacraí sin amach. Ba mhór an teach é agus gairdín leathan iontach os a chomhair, gairdín a raibh a mhaise ag brath ar dhícheall aintín linn. Dhallfadh na dathanna thú, go háirithe sa samhradh, ach níor bhain aon cheann de na bláthanna leis an Astráil; b'fhada go mbeadh plandaí dúchasacha san fhaisean sna bólaí sin.

Is fada suim ag lucht léinn i stair agus i mbrí chultúrtha an ghairdín san Astráil. Bhí gairdíní ann ó chuir na chéad Eorpach fúthu sa tír, fál nó claí teorann orthu agus glasraí, bláthanna, crainn nó toir ag fás iontu: fógra, cuimhne, cosaint agus sólás. Iad ina gcomhartha ar shaol a bhí bunoscionn le saol 'neamhshibhialta' na mbundúchasach, dream nár thuig (mar a síleadh) an bhuaine agus an saothrú. Bhí an rud dúchasach le coinneáil amach; bhí míshuaimhneas ag siúl leis; ach i ndiaidh a chéile sháraigh sé an doicheall. Athsmaoineamh iomlán a rinne daoine éigin, agus áitíonn leabhar a tháinig amach i mbliana mar a leanas:

> Moltar gáirdíní dúchasacha, agus go díograiseach go minic, as a bheith ag cur leis an dúlra agus as a bheith níos nádúrtha mar gharraíodóireacht. Ar an dóigh chéanna, tá claonadh éigin i gcoinne an fhobhailteachais le haithint ar an suntas ar leith a thugtar do léanna agus do rósanna mar chomhartha ar mhianta fobhailteacha, agus mar rudaí nach bhfuil ag teacht leis an aeráid Astrálach. Dealraíonn sé gurb é is cuspóir don chuntas seo dreach na tíre a athchruthú de réir mar a bhí sé roimh an ionradh, agus é a dhíchoilíniú faoi mar gur féidir an díobháil a rinneadh don tír agus don chéad chine a leigheas. B'fhéidir gur ar an mbealach seo a dhéantar iarracht ar mhaolú ar an aiféala a mhothaíonn mórán daoine de bharr iompar na gcoilínithe.[2]

I ndáiríre, a deir na húdair, saghas 'glanadh luibheolaíochta' atá i gceist, agus leagan nua á sholáthar atá lán chomh docht leis an leagan a bhí ann roimhe sin.

Is dócha nach scarfaidh Astrálaigh choíche lenar tugadh de phlandaí nua i dtír ó dheireadh an 18ú haois i leith, cé go bhfuil taithí againn anois ar oighreacht na tíre féin, rud is léir óna

[2] Reading the Garden: The Settlement of Australia. Katie Holmes et al.. Melbourne University Press 2008, lch. 194.

bhfuil de phlandaí dúchasacha le fáil anois sna plandlanna. An triomach fada is cúis le cuid de seo: tá an rud dúchasach níos crua, níos cleachta le heaspa uisce. Baineann na húdaráis áitiúla feidhm as na plandaí úd, agus iadsan a chuirtear mar mhaise ar na heastáit nua: tá siad ag roinnt anois le cultúr coitianta.

Ní hé go ndearnadh faillí iomlán sna plandaí dúchasacha go fiú sa 19ú haois; ansin agus ina dhiaidh sin bhí cuid de lucht garraíodóireachta na tíre á moladh. Is deacair a chreidiúint nach bhfuil baint ag an athchomhairle atá á déanamh anois le cúrsaí áirithe sóisialta. Tá fuinneamh nua tagtha sa phobal bundúchasach agus aitheantas á thabhairt dá gcearta ag an Stát. Tá an daonra ag éirí níos measctha, a bhuíochas sin ar an inimirce as gach cearn, agus d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil aontacht éigin le fáil sa dúlra féin. Tá cúrsaí timpeallachta ag dó na geirbe ag an bpobal i gcoitinne, a bheag nó a mhór – creideamh nua do náisiún nach bhfuil róthugtha d'aon saghas cráifeachta eile.

Tá baint ag an scéal seo leis an nGaeilge sa mhéid gur teanga í a bhí á labhairt go forleathan san Astráil sa 19ú haois agus gur tríthi a chuaigh na mílte i ngleic leis an tír. Ní fios ar thug siad ainmneacha Gaeilge ar phlandaí agus ar ainmhithe na hAstráile. Más gairdín Eorpach atá agat san Astráil ní deacair a bhfuil ann a ainmniú i nGaeilge – srubh lao, lus an chromchinn agus eile; más gairdín dúchasach é, ní foláir duit a bheith seiftiúil.

⧫❖⧫❖⧫❖⧫❖⧫

Athrú aeráide, athrú tuairime
Sceptics still have a place in the climate-change debate, at least where the causes are concerned.

Tá an tOllamh Don Aitkin ina staraí agus ina eolaí polaitíochta. Ina thír féin, an Astráil, tá ainm na stuama agus na géarchúise air. Le déanaí chuir sé a ladar sa mhias is teo – mias an athrú aeráide – agus d'fhógair go raibh ar na hagnóisithe sna cúrsaí sin. Ní hé go séanann sé go bhfuil áthrú den saghas sin ar siúl, ach is mór an t-amhras atá air faoi na cúiseanna a luaitear leis. Cé nach é Aitkin an t-aon duine amháin a chuireann amhras sna gnáth-thuairimí nua, is ábhar suntais a chuid tuairimí toisc go mbaineann siad le sainfhadhbanna a thíre dúchais.

Is dóigh le hAitkin gurb iad an dá rud is tábhachtaí feidhm cheart a baint as uisce agus teacht ar fhuinneamh nach mbaineann le hola. Bímid ag caint ar an aeráid, ach ar éigean a bhfuil tuiscint againn uirthi: is róleathan a raon. Is beag í ár dtuiscint ar na farraigí, cé go bhfuil tábhacht ar leith acu i gcúrsaí aeráide, ar an atmasféar (rud atá chomh casta céanna) agus ar an talamh; is lag an t-eolas atá againn ar fhuinneamh na gréine agus ar an tionchar atá ag raon maighnéadach na gréine ar an domhan. Is dóigh le hAitkin, mura bhfuil fianaise i bhfad níos treise ann go bhfuil tubaiste chomhshaoil á bagairt ar an domhan, go mbeidh srianta carbóin agus trádáil charbóin róchostasach agus gan éifeacht.

Tá cuid mhaith den díospóireacht ag brath ar an meánteocht dhomhanda, rud atá á tomhas ag NASA, ag Lárionad Náisiúnta na Sonraí Aeráide agus ag Lárionad Taighde Aeráide Hadley sa Bhreatain. Ní bhailíonn aon cheann acu eolas ar fud an domhain. Is cuma cá mhéad sonra atá againn, níl eolas ár ndóthain againn ar an mbaint atá idir rudaí laistigh den mhionsamhail.

Tá an oiread sin rudaí á gcur i leith athrú aeráide – tinte, stoirmeacha, tuilte, teas, béir bhána a bheith in ainriocht – nach dóigh le hAitkin gur féidir aon cheann acu a lua leis i ndáiríre.

Deir ár gcuid ceannairí linn nach measa fadhb ar bith ná an t-athrú aeráide. Níl sa mhéid sin, a deir Aitkin, ach tuairimíocht. Níl aon fhianaise shoiléir ann gurb é méadú an charbóin dé-ocsaíde is ciontaí le hardú na teochta. Is féidir, ar ndóigh, gur daoine is cúis le cuid mhaith

den téamh, ach d'fhéadfadh cúiseanna móra eile a bheith ann nach mbaineann linn dubh ná bán.

Is é comhairle Aitkin go nglacfaimis leis gur gnách leis an aeráid athrú. Is cóir dúinn sinn féin a chur in oiriúint dó chomh stuama agus is féidir linn, mar a rinne ár sinsir romhainn. Cibé bun atá leis an míniú a thugtar ar na cúiseanna, tá breis eolais á bhailiú i gcónaí; agus tá gad nó dhó eile níos gaire don scórnach. Cuireann tuairimí den saghas seo beocht sa díospóireacht, agus b'olc an rud é an díospóireacht sin a mhúchadh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au